Taobh Tíre

Nuashonrú a 12

Lúnasa –Nollaig 2006

Cúlra

Is togra taighde píolótach é Taobh Tíre – seirbhís leabharlainne níos fearr do phobail scoite tuaithe – atá a reáchtáil ag Comhairle Chontae Dhún na nGall i gcomhar leis An Chomhairle Leabharlanna faoin Chlár Taighde um Leabharlanna Poiblí. Tá iniúchadh agus cur i bhfeidhm déanta ag an tionscadal ar mhodhanna úra nuálacha le freastal a dhéanamh ar phobail bheaga. Tá foireann an tionscadail ag comhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla – Grúpaí Forbartha Pobail, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, comhlachtaí tráchtála, Tionscnamh Iompair Tuaithe, Údarás na Gaeltachta agus grúpaí eile. Tá an cur chuige comhpháirtíochta seo nuálach agus, go dtí seo, thar a bheith rathúil. San am i láthair, tá 14 pointe seirbhíse ag Taobh Tíre i gContae Dhún na nGall.

Leathnú chuig ceantracha eile

Ar an 2ra lá de mhí Dheireadh Fómhair, seoladh pointe seirbhíse Thionscadal Forbartha Pobail Leitir Ceanainn. Tá Tionscadal Forbartha Pobail Leitir Ceanainn iontach fóirsteanach mar chomhpháirtí do thionscadal Taobh Tíre siocair gurb í ceann de phríomhaidhmeanna Thionscadal Forbartha Pobail Leitir Ceanainn ná cur chun cinn a dhéanamh ar leas eacnamaíoch, oideachasúil agus chultúrtha phobal Leitir Ceanainn agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chumhachtú sa dóigh go dtig leo páirt éifeachtach a ghlacadh i gclár d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta. Tá sé seo nasctha go díreach le cuspóirí thionscadail Taobh Tíre.

Príomhshruthú

Tá ullmhúchán do phríomhshruthú an tionscadail faoi lán seoil. Rinneadh leasuithe ar nósanna oibriúcháin chun go bhféadfaí baill Taobh Tíre a chur san áireamh m.sh. litreacha thar téarma. Rinneadh glaochárta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm don t-seirbhís sheachadta. Cuireann an cárta seo in iúl don eagraíocht chomhpháirteach go dtug an veain seachadta cuairt ar a láithreán Taobh Tíre agus go dtiocfaidh sí ar ais an tseachtain dár gcionn. Chuidigh na leasuithe ar na nósanna oibriúcháin agus na comhráite leis an fhoireann chun inmharthanacht Taobh Tíre a chinntiú i gContae Dhún na nGall.

Monatóireacht agus Measúnacht

I mí Lúnasa, chuir an Rannóg Taighde & Polasaí i gComhairle Chontae Dhún na nGall tuairisc chuimsitheach measúnachta faoi bhráid na Foirne Bainsitíochta. Ba iad seo a leanas cuspóirí na measúnachta sin:

- An leibhéal tuisceana ar sheirbhísí leabharlainne a mheas chomh maith lena dtábhacht ó thaobh freastail ar phobail tuaithe.
- Fianaise a chur ar fáil i ndáil le comhoibriú níos mó idir ghníomhaireachtaí.
- Slite rochtana úrnua chuig an t-seirbhís leabharlainne a aithint.
- Fianaise a chur ar fáil faoi thuiscint mhéadaithe ar na riachtanais atá ag spriocghrúpaí ar leith.
- Fianaise a chur ar fáil faoi imeascadh méadaithe na seirbhísí leabharlainne le gnéithe den saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha.

Beidh an tuairisc seo mar bhonn don tuarascáil dheireanach.

Duais 'Mórtas Áite'

Bronnadh duais ar son Seirbhís For-rochtana Pobail ar Taobh Tíre le linn Dámhachtainí Mórtas Áite, a eagraíonn Co-operation Ireland, sa Tulach i gContae Cheatharlach, i mí Dheireadh Fómhair. Is comórtas uile-oileánda na Dámhachtainí Mórtas Áite a thugann aitheantas do na feabhsúcháin a dhéanann pobail aitiúla ar mhaithe le bród ina gceantar a chruthú. Tá an comórtas dírithe ar dhaoine ag teacht i gcomhar le chéile agus ag múnlú, ag athrú agus ag baint pléisiúr as gach uile rud maith ina gceantar. Le linn dóibh a bheith ag tabhairt a mbreith, bhí an méid seo a leanas le rá ag na moltóirí: '*D'fhéadfadh an chomhpháirtíocht sármhaith seo idir an t-údarás áitiúil agus pobal tuaithe atá iontach dearfach agus tacúil a bheith ina eiseamláir do cheantracha scaipthe tuaithe eile'.*

Tuarascáil Dheiridh

Cuirfidh an tuarascáil dheiridh seo moltaí faoi bhráid an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndáil le húdaráis áitiúla eile aithris a dhéanamh ar an tseirbhís seo. Lena chois sin, molfar go ndéanfadh Comhairle Chontae Dhún na nGall príomhshruthú agus comhtháthú ar Taobh Tíre. Tá na torthaí go nuige seo thar a bheith suntasach ar an tséala go bhfuil corradh le 1200 duine cláraithe mar bhaill de Taobh Tíre (líon níos mó ná leis an leabharlann soghluaiste). Cuireann an tionscadail deiseanna úrnua ar fáil san oideachas, i bhfoghlaim fadsaoil, i gcaitheamh aimsire agus i bhforbairt pearsanta i gceantracha nach bhfuil in inmhe

brainsleabharlann lánaimseartha a chothú. As éadán a chéile, tá gach uile dhuine go mór i bhfabhar an tionscadail, rud a léiríonn an t-aitheantas leitheadach atá ann don ghá atá le deiseanna sóisialta, oideachasúla agus cultúrtha a mhéadú do gach duine sa Chontae. Aithnítear fosta an tábhacht atá leis an seirbhís leabharlainne mar shlí dhíreach chuig acmhainní do pháistí agus don aos óg, chuig foghlaim agus eolas, agus chuig an chultúr agus an samhlaíocht. Foilseofar an tuarascáil dheiridh go luath sa bhliain 2007.

Faoi choinne tuilleadh eolais a fháil, léigh iad seo a leanas fosta:
Nuashonrú 1 Nollaig 2002- Márta 2003
Nuashonrú 2 Aibreán 2003 – Iúil 2003
Nuashonrú 3 Lúnasa 2003 – Samhain 2003
Nuashonrú 4 Nollaig 2003 – Márta 2004
Nuashonrú 5 Aibreán 2004 – Iúil 2004
Nuashonrú 6 Lúnasa 2004 – Samhain 2004
Nuashonrú 7 Nollaig 2004 – Márta 2005
Nuashonrú 8 Aibreán 2005 – Iúil 2005
Nuashonrú 9 Lúnasa 2005 – Samhain 2005
Nuashonrú 10 Nollaig 2005 – Márta 2006
Nuashonrú 11 Aibreán 2006 – Iúil 2006
Nó faigh i dteagmháil le:
Donna Quinn, Comordaitheoir Tionscadail, Leabharlann Chontae Dhún na nGall, Aonad 7, Bóthar na Deilge, Machaire Éanaín, Leitir Ceanainn, Comhairle Chontae Dhún na nGall. Phone 074 9168743
Ríomhphost: dquinn@donegalcoco.ie
www.donegallibrary.ie